Beart chluithe ar Éirinn éag ríogh

[Mhág Craith, Cuthbert: *Dán na mBráthar Mionúr* I, Dublin, 1967, poem 3]

Domhnall Mhág Carthaigh

Maolmhuire Mhág Craith no Bráthair bocht Ó Dálaigh cct.

1 Beart chluithe ar Éirinn ég ríogh;
créd nach cluithe ar Éirinn uadh?
Dá gach dheirc is damhna dér;
lén Bhanbha don bheirt is buan.

2 Beart dár ghar sgaoileadh na sgol;
beart Gaoidhiol do char fá chion:
an rí d'Éirinn mar bhudh fhear,
bean fá chreidhim í ón fhior.

3 A-tá a ghrádh im chridhe i gcairt;
is slighe do chrádh mo chuirp;
ní bheinn ag boing dhér dom dheirc
acht do cheilt sgél ar chloinn gCuirc.

4 Mág Carthaigh do cheil a dtrén;
ar marthain do-bheir a mbrón;
ní bhíodh dháibh, go dola an ríogh,
nárbh áil ó shíol Mhogha mhór.

5 Dá dhula, fa thuirsi a-táid;
a gcumha ní cuimsi a méid;
do léig sruth a theannghuth thríd;
a guth ó líg Theamhruch téid.

6 Tug sé Í Chairbre fá chiaigh;
isé rug ar n-airde uainn;
ar mo losgadh don linn bhróin,
do-chóidh sinn d'osgladh dá uaigh.

7 Mac Domhnuill Ghlais aga ghul,
is lais nach congbhuim mo chradh;
mé ar síodh feasta mar gach bhfear
ó theasta, as eadh fá díon damh.

8 A-tá an chumha, ar bhfás a fréamh,
gan dula - dá bhás ní bhiam;
mé an céidsheal ag cosg na súl;
éigean dún an rosg do riar.

9 Bíd, fá Mhág Carthaigh na gcró,
an fád nó go bhfalchair leo

- tig as gan loighe go lá -
na mná ag snoighe bhas go beo.

10 Sgath na cumhadh aga gcrádh
nó gur dubhadh dath a ngruadh;
ní deithneas faghla ná fíon
cheilfeas ar shíol Sadhbha suan.

11 “Mo dhéra is comhdhonn dod chaoi”
ré Domhnoll a-déra mé,
“gur mé an chéidfhear do-fhuair í;
dá mbí ar h’uaigh dob éigean é.

12 “A-tá do chumhra gum chrádh,
an lá bhus lugha mo bhrón;
a dtug tú do dhigh don daol,
ar gcrú a-raon do ibh, ghá hól.

13 “A mhaolchlach oram rem ucht;
a chaomhthach do chaol mo chorp;
mé, an uair nach anabh ar t’fheart,
ag teacht uaim is m’aghadh ort.

14 “Thríd luighim is-toigh réd thaoibh,
mo thoil nochan fhuighinn uaibh;
mé ort lé gach nduine dhíbh,
ar dtocht don tír uile ar h’uaigh.

15 “Do-bhéara a gcora fá chíos
mo dhéra do dhola i luas;
atáid Gioll Bhanbha tréd bhás
ag fás tar chloinn Sadhbha suas.

16 “Síol gCarthaigh ag teacht réd thaoibh,
ar an bheart ní faghthair uain;
beiridh file d’aga ót fhéin
an tslighe réidh aga ar h’uaigh.

17 “Tugadh dháibh gach laoi do leac,
tar na mnáibh do bhaoi fád bhrut:
iomdha bean ag loighe lat
nár bhean a brat roimhe rut.

18 “M’fhuil-si ’na déraibh dá dáil
ré frémhaibh na tuirsi thrín;
créd fá bhfuighinn cosg ón chléir
’s nach fuilim féin im thosd tríbh!

19 “Na sluaigh-si do chin ó Churc
dot uaigh-si dá dtigh ag tocht;

fuair ollamh a uain dot fheart
’s ní fhuair teacht go hollamh ort.

20 “Sgol gin go dtaidhle in bhur dtír,
gud ghol ar do dhainmhe dháibh,
achd mé gan ionadh ar h’uaigh,
siobhal uaibh ní hé dob áil.

21 “Atáid sin gan toradh thríod,
mar sin is folamh gach fód,
tig líonadh abhann dot éug
is críonadh ghéug n-abhall n-óg.

22 “Sí an chéidshealbh, a Dhomhnuill, daoibh
éigean a chomhroinn réd chléir;
gach céim dá dtug t’fhile uaibh
ar h’uaigh rug a chridhe céim.

23 “Teilgthear fá dheoidh ar bhur ndul
na heoin lé teinntigh is-teagh;
méraidh an sneachta ar bhur son
go cor ealta a frémhaibh feadh.”

24 Isé is damhna dhúinn -
ní shil ar n-abhra ar an uaigh;
ní ’na thosd a-tá dá dheoin:
an lá reoidh ag cosg an chuain.

25 An chalann do luidh fán lia,
ó a bhfuil gach abhann gan eo,
do-rinne ar chách chreich budh mó:
gan bláth na gcnó do bheith beo.

26 I n-aghaidh ionmhaine an ríogh,
dhá ionghaire adhaigh fhuar;
atá rinn mo roisg ag reodh;
an deor do choisg sinn dár suan.

27 Ar dtriall leis an rígh do Rus,
ní bhím acht mar ghiall i nglas;
ní fhaghainn roimhe go Ros;
croidhe a-nos ní fhaghaim as.

28 Do-cháidh a hairde as an uaigh;
fá mhnáibh Ó gCairbre do-chóidh:
folchair an uaigh ar a fhéin;
na sluaigh féin do dhorchaigh dhóibh.

29 Siad gach laoi ar ó Luighdheach Meann;
ar a chaoi budh chuimhneach sionn;

tugsat fuilt ag éirghe ann
éimhghe chlann gCuirc ós a chionn.

30 Mág Carthaigh mar do mheasg mé,
gan a mharthain do mheasg í;
fuair deoir fá doghraing do mhnaoi,
ag caoi Domhnaill fá dheoidh dhí.

31 Nír sgar an doigh-si rinn riamh;
do ghoin-si sinn in ar suan;
doigh, ré a chlaisdin, do chuaidh thríom -
an taisgidh ríogh uair an uagh.

32 A beachaibh do bhean a rioth;
ar fhear do na ceathaibh clach;
an dubhadh lé dtéid as-teach
ní léig beach Mumhan a-mach.

33 Gach lá ag dubhadh ina dhiaidh;
ní turadh a-tá as an sín;
cuiridh Cliodhna tonna i dtráigh,
lé mbáidh longa tiorma i dtír.

34 Mac Eilísi ó a bhreith don bhás,
neimhísle in gach cleith fá chnuas
- neach lé cumhaidh do-chuaidh síos -
an uair bhíos ar thulaigh thuas.

35 Ré fleadhaibh ní hantar d’ól;
’na dheaghaidh ní glantar gruadh;
d’anáir nochan fhaghaibh ceol
acht deor fhalaigh d’fhagháil uam.

36 Ioth san talamh thíos má tá,
ní faghar a-níos a-nú;
ní beithte ar tí chongail chnó;
ní bhí dhá ló ar chollaibh cnú.

37 Do-chóidh ar mo neart a-niugh
gan mo chóir do theacht as-teagh;
ní hurra mé ó nach mar;
cuma dhamh gi bé ghá mbear. Beart